

SCÉIM CHUN MEASÚNUITHE SÍCEOLAÍOCHTA A ORDÚ (SCPA)

Treoirínite do Scoileanna – 2015/2016

Cuspóir na Scéime

Cuirtear an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) ar fáil ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)/an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun cuidiú le seirbhís síceolaíochta a sholáthar sna scoileanna uile. Cuireann an Scéim maoiniú ar fáil do scoileanna measúnuithe síceolaíochta aonair ar scoláirí a ordú ó shíceolaithe a oibríonn ar bhonn príobháideach.

Níl an scéim ann mar mhalairt ar sheirbhís síceolaíochta oideachais iomlán den chineál a chuireann NEPS/ROS ar fáil. Beart eatramhach is ea é atá ceaptha le cur leis an tseirbhís NEPS agus le freastal ar riachtanais phráinneacha reatha do leanaí agus do dhaoine óga. Déanann NEPS/ROS feidhmiú na scéime a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Téarmaí agus Coinníollacha

Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime

Tá an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) 2015/2016 ar fáil ó 1/9/'14 go 30/06/'15.

Tá scoileanna freagrach as síceolaithe a ordú le measúnuithe a dhéanamh faoin scéim. Ní féidir le scoileanna ach síceolaithe atá ar an bpainéal reatha SCPA a ordú.

I gcoitinne, socrófar measúnuithe síceolaíochta a ordú trí chomhoibriú idir síceolaí NEPS na scoile agus an scoil. Uaireanta, nuair a chailleann scoil seirbhís NEPS go hearrthréimhseach, seans go gceadófar roinnt mheasúnuithe a ordú le linn don síceolaí a bheith as láthair, ach cead scríofa a fháil ón Stiúrthóir Réigiúnda NEPS áitiúil.

Ní mór measúnú síceolaíochta aonair, ina iomláine, a bheith déanta go hiomlán agus go heisiach ag síceolaí a bhfuil a (h)ainm ar an bpainéal reatha SCPA.

Meastar nach gcuirfidh na síceolaithe uile ar an bpainéal níos mó ná 180 measúnú i gcrích i scoilbhliain, agus go gcuirfidh siad 3 mheasúnú ar a laghad gach bliain. Má chuireann síceolaí níos lú ná trí mheasúnú i mbliain, agus má thagann NEPS ar an eolas nach raibh an síceolaí ar fáil chun measúnuithe a dhéanamh, ansin b'fhéidir nach n-iarrfar ar an síceolaí a mballraíocht ar an bpainéal a athnuachan an bhliain dar gcionn.

Ní mór íocaíocht as measúnuithe a déantar faoin scéim a dhéanamh ó chistí SCPA agus ó na cistí sin amháin. Ní féidir le síceolaithe a ghlacann le horduithe faoin scéim íocaíocht a lorg nó a ghlacadh ó fhoinsé ar bith eile maidir le horduithe den tsórt sin agus beidh orthu a dheimhniú nach bhfuil a leithéid déanta acu mar choinníoll chun íocaíocht a fháil. Má lorgaítear nó má ghlactar le híocaíocht ó fhoinsé ar bith eile maidir le measúnú faoin scéim, beidh cúis ann leis an duine sin a bhaint ón bpainéal SCPA.

Ní féidir sonraí pearsanta scoláire aonair ar bith a bhaileofar do chúiseanna measúnaithe SCPA a úsáid ar chúis ar bith eile seachas riar an mheasúnaithe sin.

Ní mór do scoileanna agus síceolaithe cloí leis na nósanna imeachta atá molta, mar a leagtar síos iad ag NEPS/ROS.

Ní mór do síceolaithe SCPA obair laistigh dá réimsí cumais, fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí le déanaí agus cloí le polasaí NEPS/ROS i gcónaí.

Dé ghnáth, áireoidh próiseas mheasúnú SCPA:

A. Scoláirí a Roghnú do Mheasúnú Síceolaíochta Aonair

Tógfaidh roghnú scoláirí do mheasúnú faoin scéim san áireamh (ag leibhéal na bunscoile) cáipéis NEPS/ROS "*Riachtanais Speisialta Oideachais – Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí*" nó (ag leibhéal na hIar-bhunscoile) an cháipéis dar teideal "*Contanam Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna – Treoirlínte do Mhúinteoirí*". Clliceáil ar an nasc seo a leanas chun cáipéisí maidir le [Contanam Tacaíochta NEPS](#) a rochtain.

Cuimsíonn an contanam tacaíochta a léirítear sna treoirlínte seo múnla de mheasúnú agus d'idirghabháil ina bhfuil trí phróiseas scoilbhunaithe ar leith. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu sin mar seo a leanas:

- Tacaíocht Seomra Ranga (ag Leibhéal na Bunscoile)/Tacaíocht do Chách (ag Leibhéal na hIar-bhunscoile): próiseas doiciméadaithe de chosc, d'idirghabháil agus d'aithint luath agus éifeachtúil, á chomhordú go minic ag an múinteoir ranga agus á chur i gcrích laistigh den seomra ranga rialta.
- Tacaíocht Scoile (ag Leibhéal na Bunscoile)/Tacaíocht do Roinnt (ag Leibhéal na hIar-bhunscoile): próiseas measúnaithe agus idirghabhála, a thacaíonn le roinnt scoláirí, go minic i ngrúpaí beaga, á chomhordú de ghnáth ag an múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne ag obair i gcomhairle leis an múinteoir ranga nó múinteoir ábhair.
- Tacaíocht Scoile Móide (ag Leibhéal na Bunscoile)/Tacaíocht do Bheagán (ag Leibhéal na hIar-bhunscoile): próiseas ina bhfuil, de ghnáth, tacaí níos indibhidiúla agus níos déine. Tá an leibhéal seo d'idirghabháil ann le freastal ar scoláirí le riachtanais atá casta agus/nó leanúnach a mheastar nach bhfuil a ndul chun cinn sásúil d'ainneoin idirghabhálacha a pleanáladh go cúramach ag na leibhéil roimhe.

De ghnáth, ní dhéanfar machnamh ar mheasúnú síceolaíochta faoin scéim ach do scoláire a bhfuil a riachtanais ag leibhéal "Tacaíocht Scoile Móide" nó "Tacaíocht do Bheagán", mar a léirítear sna Treoirlínte um Chontanam na Tacaíochta. Beidh tuismitheoirí ar an eolas go hiomlán cheana féin faoi na buarthaí maidir le dul chun cinn a linbh.

I dtromlach na gcásanna, is é/í príomhoide na scoile (nó múinteoir ainmnithe) a dhéanfaidh an roghnú deiridh de scoláire do mheasúnú SCPA i gcomhair leis an síceolaí NEPS atá nasctha leis an scoil.

Nuair atá cinneadh déanta, tabharfaidh an síceolaí NEPS nóta scríofa do phríomhoide na scoile (agus cóip chuig an riarthóir SCPA) a cheadaíonn an measúnú.

Áit nach bhfuil síceolaí NEPS reatha nasctha le scoil, m.sh. le linn saoire máithreachais, ní mór cead (i scríbhinn) a fháil ón Stiúrthóir Réigiúnda NEPS áitiúil do mheasúnuithe SCPA.

B. Comhairliúchán le Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Ní mór dul i gcomhairle go hiomlán le tuismitheoirí/caomhnóirí ag na céimeanna uile – roghnú, measúnú, aiseolas agus idirghabháil.

Más cosúil go bhfuil sé oiriúnach, ba chóir moladh do thuismitheoirí socruithe luatha a dhéanamh le tástáil a bheith déanta ar radharc na súl agus amharc a linbh agus/nó measúnuithe eile a bheith déanta ag gairmeoirí sláinte cuí.

Tá sé riachtanach go hiomlán cead scríofa a fháil ó thuismitheoirí nó caomhnóirí dlí faoi théarmaí na scéime seo.

C. Nós Imeachta Céim ar Chéim le leanúint ag Scoileanna i bhFeidhmiú na Scéime

Ní mór do phríomhoidí scoileanna atá incháilithe ar leas a bhaint as an scéim:

1. Scoláirí a bhfuil measúnú síceolaíochta aonair de dhíth orthu a roghnú, mar a léirítear thuas.
2. Cruinniú foirmiúil a eagrú le thuismitheoirí nó caomhnóirí dlí an scoláire, ag plé na bhfáthanna leis an measúnú, agus ag míniú, mar is gá, gach roinn den Fhoirm Toilithe (Foirm 1), sula dtugtar cuireadh do na thuismitheoirí/caomhnóirí Foirm 1 a shíniú.

Áit a bhfuil caomhnóireacht dlí ag an mbeirt thuismitheoirí/caomhnóirí, ní mór don bheirt an Fhoirm Toilithe a shíniú; má tá caomhnóireacht dlí ag thuismitheoir/caomhnóir amháin, is leor an síniú amháin sin, ach ní mór an thuismitheoir/caomhnóir eile a chur ar an eolas faoin atreorú.

Tá sé riachtanach go hiomlán cead scríofa a fháil ó thuismitheoirí nó caomhnóirí dlí faoi théarmaí na scéime seo.

Tabhair le fios go soiléir do thuismitheoirí/caomhnóirí roimh ré gurb é NEPS/ROS a íocfaidh costais iomlána an mheasúnaithe a dhéanfar faoin scéim seo.

3. I gcomhair leis na thuismitheoirí agus ag plé an ábhair go hiomlán leo, líon isteach Foirm Atreoraithe (Foirm 2) don mheasúnú.
4. Ordú a thabhairt do shíceolaí ar an bpainéal SCPA na measúnuithe a dhéanamh. Ba chóir a nótáil go bhfuil próiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda déanta ag na síceolaithe uile ar an bpainéal SCPA agus nach bhfuil cead ag scoileanna ach síceolaithe atá ar an bpainéal reatha SCPA a ordú.

Déantar an painéal reatha SCPA a nuashonrú go rialta agus tá sé ar fáil ar roinn NEPS ar shuíomh gréasáin ROS – cliceáil ar an nasc seo a leanas chun an [painéal reatha SCPA](#) a rochtain.

5. Dul i gcomhairle le thuismitheoirí/caomhnóirí faoin mbealach is fearr leis an scoláire a ullmhú do mheasúnú, ag cur a c(h)uid aoise san áireamh. Mothaíonn roinnt scoláirí níos compordaí má tá a fhios acu cad atá in ndán dóibh, agus éiríonn roinnt eile neirbhíseach má deirtear leo roimh ré. Uaireanta ia maith le síceolaithe scoláirí a bhreathnú sa rang, agus i gcásanna mar sin b'fhéidir gur fearr gan a rá leis an scoláire roimh ré.
6. Socrú go gcuirfean an measúnú i gcrích **sa scoil, le linn uaireanta scoile.**

Féadfaidh an Stiúrtóir Réigiúnda NEPS áitiúil, i gcúinsí eisceachtúla, cead a thabhairt d'iarraitas ó shíceolaí an measúnú SCPA a chur i gcrích lasmuigh d'áitreabh na scoile.

Nóta: Measann NEPS/ROS go dtógfaidh sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo. I gcúinsí annamha b'fhéidir go mbeidh síceolaí SCPA dhá mheasúnú a chur i gcrích laistigh de lá iomlán ach i gcoitinne ní bheidh ach ceann amháin ann.

7. Sonraí faoi Phróifíl Aonair agus Clár Foghlama/Plean Tacaíochta Scoile nó Plean Bainistíochta Iompraíochta an scoláire a thabhairt don síceolaí mar is cuí. Ba chóir torthaí ar thrialacha diagnóiseacha agus scagthástála a chur ar fáil ag an tús freisin.

8. Cuidiú le socruithe cuí do chruinnithe idir na tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus an síceolaí.
9. An Fhoirm um Dheimhniú ar Mheasúnú a Chur i gCrích (Foirm 3) a chomhlánú ag deireadh an phróisis - nuair atá tuairisc agus aiseolas curtha ar fáil. Deimhníonn comhlánú na Foirme 3 le NEPS go bhfuil an measúnú curtha i gcrích faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime, mar a leagtar síos iad ag NEPS/ROS.
10. **An Fhoirm um Dheimhniú ar Mheasúnú a Chur i gCrích (Foirm 3) chomhlánaithe agus cóip den tuairisc síceolaíochta a chur chuig:**

**Riarthóir SCPA
NEPS
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Urlár 2, Bloc 1
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1**

11. A chinntiú ina dhiaidh sin go gcuirfeadh moltaí sa tuairisc síceolaíochta i bhfeidhm ag an bhfoireann chúí, agus cuidiú le tuismitheoirí, mar is indéanta, le hatreoruithe ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile.

Táillí do Mheasúnuithe Síceolaíochta a Déantar faoin Scéim

Níl aon chostas do thuismitheoirí/caomhnóirí nó do scoileanna as measúnuithe a déantar faoin scéim.

Níor chóir do thuismitheoirí/caomhnóirí nó scoileanna síceolaithe a íoc as measúnuithe SCPA.

Nós Imeachta d'Íocaíocht faoin Scéim

Cuirfeadh an próiseas íocaíochta ar bun nuair a fhaigheann NEPS Foirm um Dheimhniú ar Mheasúnú a Chur i gCrích (Foirm 3) agus cóip den tuairisc síceolaíochta chúí, maidir le gach measúnú aonair.

Ní mór Foirm 3 a bheith comhlánaithe go hiomlán agus sínithe ag príomhoide na scoile agus an bhunleagan (ní cóip) curtha faoi bhráid NEPS, ag an bpríomhoide, laistigh de thrí mhí féilire ó dháta an mheasúnaithe. Deimhneoidh an fhoirm seo go bhfuil téarmaí agus coinníollacha na scéime comhlíonta go hiomlán. Socróidh NEPS le híocaíocht a dhéanamh go díreach leis an síceolaí.

Tuilleadh Eolais

Ba chóir fiosruithe a sheoladh chuig NEPS i scríbhinn le r-phost chuig scpa@education.gov.ie nó tríd an ngnáthphost chuig:

Bainisteoir SCPA
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
3ú hUrlár, Trident House
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

Déanfar gach iarracht freagra a thabhairt ar fhiosruithe a luaithe agus is féidir.

Ba chóir plé le gearáin ag an bpointe seirbhíse, idir príomhoide na scoile agus an síceolaí. Nuair a theipeann ar iarrachtaí neamhghoirmiúla deacrachtaí a réiteach, is féidir le

gearánaithe Nós Imeachta foirmiúil ROS um Ghearáin a agairt, atá ar fáil le híoslódáil ag baint úsáide as a nasc seo a leanas – [Nós Imeachta um Ghearáin](#).

Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA)

Séantaí Ginearálta

Tá téarmaí agus coinníollacha na scéime faoi réir ag athbhreithniú leanúnach. Is féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad a athrú nó a nuashonrú ag am ar bith agus gan fógra.

Ní clár de shíceolaithe é an painéal SCPA. Ní hionann ballraíocht ar an bpainéal agus incháilitheacht ar chlárú reachtúil síceolaithe.

Agus iad ag glacadh le síceolaí mar bhall den phainéal, níl NEPS/ROS ag dul isteach i socrúchán conartha ar bith leis an síceolaí. Ní fostaithe de chuid NEPS/ROS iad síceolaithe SCPA.

Ní bhronnann ballraíocht sa phainéal SCPA aon cheart ar leith ar shíceolaithe agus ní thugann sé barántas ar bith d'ordú le trialacha síceolaíochta a riar i scoileanna.

In aon bhliain amháin, mura sonraítear a mhalairt, tá ballraíocht sa phainéal SCPA i gcoitinne bailí ó dháta an cheapacháin go dtí deireadh na scoilbhliana sin amháin.

Forchoimeádann NEPS/ROS an ceart acu féin síceolaí a bhaint den phainéal SCPA ag am ar bith.

Is féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna an scéim a stopadh ag am ar bith.

Ní heagras araíonachta do síceolaithe iad NEPS/ROS. Tá freagracht as nithe dá leithéid ag eagras gairmiúil an tsíceolaithe ar leith.

Naisc ghréasáin:

Cáipéisí um Chontanam Tacaíochta NEPS

<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Síceolaí-Oideachais-NEPS-/Múnla-Seirbhíse.html>

Painéal SCPA Reatha

<http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Educational-Psychologist-NEPS-/SCPA.html>

Nós Imeachta um Ghearáin

<http://www.education.ie/ga/An-Roinn/Seirbhís-do-Chustaiméirí/Cairt-na-gCustaiméirí/Gearáin-i-dtaobh-na-Seirbhíse-do-Chustaiméirí/Eolas.html>